



# Matamaitic

## Céim 4 (Rang 5 & 6)

## Aonad Oibre Samplach 1

## Snáithe: Tomhais

## Snáithaonad: Ag tomhas

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Gaeilge

Is féidir liom

1. úsáid a bhaint as roinnt briathra san aimsir fháistineach chun caint faoi ghníomhaíocht mhata. (Úsáidfidh, Caithfidh)
2. stór focal a bhaineann le fad a úsáid, mar shampla: milliméadar, ceintiméadar.
3. mo chuid tuisceana ar an nGaeilge sa cheacht Mata a léiriú (trí threoracha a leanúint srl).




An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Mata

Is féidir liom teacht ar aonaid tomhais agus iad a ríomh i bhfoirm chodánach agus/nó dheachúlach chun fadhbanna praiticiúla a réiteach

Is féidir liom tomhais a fháil, a léirmhíniú agus a dhéaduchtú go trialach le beachtas ag méadú





An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Réamh-mhúineadh na Teanga

Ar shleamhnáin 5 go 23 tá sraith de ghníomhaíochtaí féidearthachta do cheachtanna Gaeilge chun na páistí a ullmhú don cheacht Mata.

<u>Is biachlár é seo. Pioc na gníomhaíochtaí a oireann do do chomhthéacs ranga féin.</u>

1. Cluichí Buille faoi thuairim a imirt chun tacú leis na páistí tuiscint a fháil ar cad is meastachán ann.(Sl.5 & 6)
2. Cluichí Comhairimh- Cluiche- Ag Comhaireamh mar Chór (S7), Fizz Buzz as Gaeilge (Sl.8)
3. Aimsigh na Patrúin (Sl.9-10)
4. Cluiche Kim faoi Uirlisí Tomhais (Sl.11-20)
5. Fíricí Suimiúla faoi Thomhais (Sl.21-22)

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

# Déan Buille faoi thuairim

*Cad atá ann?*



Cíobhaí atá ann.



Scuab phéinteála atá ann.



Spúinse atá ann.



Oráiste atá ann.


# Cuimhnigh!

Buille faoi thuairim an-mhaith is ea meastachán.

Is féidir leis a bheith rómhór nó róbheag

Mata Le Chéile, L5

Hhmmmm....
Is é
mo mheastachán
ná 20 méadar.



# Cór ag Comhaireamh



Grúpa 1:
Bígí ag comhaireamh in aonaid- a haon, a dó, a trí, a ceathair,



Grúpa 2:
Bígí ag comhaireamh i ndeicheanna,mar shampla- a trí déag, a fiche trí, a triocha trí, a ceathracha trí, a caoga trí,



Grúpa 3:
Bígí ag comhaireamh i gcéadta,mar shampla- aon chéad is a dó dhéag, dhá chéad is a dó dhéag, trí chéad is a dó dhéag, ceithre chéad is a dó dhéag....

Físeán Béarla ar fáil ag https://www.youtube.com/watch?v=QG17n4GIj2o

# Fizz Buzz as Gaeilge

Seasaigí i gciorcal.

Tosóidh duine ag comhaireamh.

Duine i ndiaidh duine, abair an chéad uimhir eile.

ACH- i gcomhair gach iolra de 3 abair fizz, agus i gcomhair gach iolra de 5 abair buzz.

Mar seo- aon, dó, fizz, ceathair, buzz, fizz, seacht,

ocht, fizz, buzz, aon déag, fizz, ceathair déag....

**FIZZ= 3,6,9,12,15,18,21,24...**

**BUZZ= 5,10,15,20,25,30...**

Cliceáil ar an nasc thíos chun tuilleadh gníomhaíochtaí comhairimh a fháil ó PMC Oide.

Leagan Béarla    Leagan Gaeilge

## Aimsigh na Patrúin


**Obair ghrúpa: Cad a thugann sibh faoi deara? An bhfuil aon phatrún?**


*Ag comhaireamh le haonaid tomhais.*

| m | c | m | k |
|---|---|---|---|
| m | m | | m |
| aon mhiliméadar | aon cheintiméadar | aon mhéadar | aon chilimhéadar |
| dhá mhiliméadar | dhá cheintiméadar | dhá mhéadar | dhá chilimhéadar |
| trí mhiliméadar | trí cheintiméadar | trí mhéadar | trí chilimhéadar |
| ceithre mhiliméadar | ceithre cheintiméadar | ceithre mhéadar | ceithre chilimhéadar |
| cúig mhiliméadar | cúig cheintiméadar | cúig mhéadar | cúig chilimhéadar |
| sé mhiliméadar | sé cheintiméadar | sé mhéadar | sé chilimhéadar |
| seacht miliméadar | seacht gceintiméadar | seacht méadar | seacht gciliméadar |
| ocht miliméadar | ocht gceintiméar | ocht méadar | ocht gciliméadar |
| naoi miliméadar | naoi gceintiméadar | naoi méadar | naoi gciliméadar |
| deich miliméadar | deich gceintiméadar | deich méadar | deich gciliméadar |




[Póstaer](#) [anseo](#) agus
míniú breise iontach [anseo](#)





Tá sraith iontach de phóstaeir comhairimh saor in aisce ar fáil ar shuíomh Foras na Gaeilge. Féach [anseo!](#)

Tar éis do na páistí an riail a oibriú amach iad féin ó Shleamhnán a 9, bheadh sé go maith na póstaeir seo a chrochadh sa scoil mar mheabhrúchán. Úsáid uimhreacha le hainmfhocail go minic le linn na Gaeilge laethiúla i rith an lae.

# Uirlisí Tomhais: Pointí Teagaisc

## Uirlisí cuí tomhais a roghnú agus a úsáid

- Rialóir do rudaí gairide sa seomra ranga m.sh. leabhar Matamaitice, fad an bhoird, leithead an dorais, leithead na fuinneoige.
- Cén t-aonad tomhais atá ar rialóir? An bhfuil na páistí in ann rialóir a úsáid go cruinn? Ina n-aonar, i mbeirteanna?
- Maide méadair do rudaí atá níos faide m.sh. fad an tseomra, leithead an tseomra, airde an tseomra.
- Cén t-aonad tomhais atá ar slat mhéadair/maide méadair/bata méadair? An bhfuil na paistí in ann é a úsáid go cruinn?
- Roth tomhais le haghaidh achair fhada m.sh. fad an chlóis, fad an fhoirgnimh scoile, fad na páirce peile.
- Cén t-aonad tomhas atá ar roth tomhais? An bhfuil na páistí in ann an roth tomhais a ús
cruinn?











# Uirlisí Tomhais




rialóir



miosúir/
téip thomhais




maide/
bata méadair



roth tomhais/
roth landair

# Cluiche Kim: Uirlisí Tomhais












# Cluiche Kim: Uirlisí Tomhais








# Cluiche Kim: Uirlisí Tomhais











# Cluiche Kim: Uirlisí Tomhais







# Cluiche Kim: Uirlisí Tomhais












# Cluiche Kim: Uirlisí Tomhais








# Cluiche Kim: Uirlisí Tomhais











# Cluiche Kim: Uirlisí Tomhais









# Creid é nó ná creid!

De réir an **Guinness Book of Records**, an **poc fada is faide** a rinneadh riamh ná **118m ar fad**!

Deirtear gurb é Tom ó Mhurchú ó Chill Chainnigh a rinne é sa bhliain 1906. ('Ardaigh agus buail' a bhí i gceist).





*Meas sibh cad a d'úsáid siad chun é sin a thomhas?*













# Curiarracht Domhanda i gCaitheamh na Sleá.

Bhris Jan Zelezny ó Phoblacht na Seice an curriarracht domhanda i g**caitheamh na sleá** sa bhliain 1996. Chaith sé an sleá agus thaistil sé **98.48m ar fad**! Bhí sé ag glacadh páirte i gcomórtas sa Ghearmáin ag an am.

*Meas sibh cad a d'úsáid siad chun é sin a thomhas?*

# Príomhghníomhaíocht 1: Caitheamh (Meastachán & Tomhais)
## Na Treoracha

1. Téigí i ngrúpaí de thriúr/cheathrar
2. Beidh oraibh rud éigin a chaitheamh ( m.sh málaí tae, pónaireán, liathróid, sleá srl).
3. Déan meastachán (buille faoi thuairim)-cé chomh fada is a rachaidh sé?
4. Caith an rud.
5. Roghnaigh an uirlis tomhais is oiriúnaí m.sh rialóir, bata méadair, roth tomhais srl.
6. Seiceáil an tomhas cruinn.





Meastachán: ________



Tomhas: _________



# Cad a úsáidfidh mé/muid?

Úsáidfidh mé/muid _______ .


sleá, mála pónairí, liathróid, mála tae












Cad a úsáidfidh tú/sibh chun an fad a léiriú?

Úsáidfidh mé/muid ________________ .




millimeádair (mm), ceintiméadair (cm), méadair (m), ciliméadair (km)




Scríobhfaidh mé é mar chodán. 7/8m
Scríobhfaidh mé é mar dheachúil. 0.34m
Scríobhfaidh mé é mar shlánuimhir. 10m

# Gníomhaíocht Roghnach: Vótáil (Gníomhaireacht na bPáistí)

Cad a chaithfimid? Cad a úsáidfimid?
An úsáidfimid málaí tae fliucha, málaí tae tirime, sleá, sliotar nó liathróid leadóige?

Beidh vóta againn.

Féachfaimid ar na sonraí.
Úsáidfimid _______ mar sin.

Úsáidfimid málaí tae fliucha!






# Comhrá:

Déan comparáid idir na meastacháin a bhí agaibh agus na tomhais.




Meastachán

An meastachán ná 36m.



Tomhas


An tomhas ná 29.1 m.



Difríocht (Meastachán v Tomhas)

An difríocht ná 6.9 m.

Ag úsáid na leideanna thuas, is féidir leis na páistí comparáid a dhéanamh idir na meastacháin a bhí acu agus na torthaí. Is féidir leo na torthaí a phlé ina ngrúpaí.


Conas is féidir linn an t-eolas seo a léiriú?

# Léiriú Sonraí-Treoir don Mhúinteoir

- An féidir libh na difríochtaí idir an meastachán agus an tomhas a léiriú?
- Cad é an bealach is fearr chun an t-eolas seo a chur i bpictiúr? (Is féidir úsáid a bhaint as graf nó pictiúr srl chun an t-eolas seo a léiriú). Is féidir ríomhaire nó páipéar a úsaid.
- Cad a úsáidfidh sibh chun an t-eolas seo a léiriú, mm,cm,m,km?
- An bhfuil muid ag iarraidh aon eolas eile a chlárú anseo?




Sa seomra ranga, is féidir leis na páistí na sonraí atá acu a thaispeáint i ngraif.

Is féidir leo graif a dhéanamh bunaithe ar an bhfad a thaisteal na huirlisí éagsúla nó comparáid a dhéanamh idir na meastacháin agus na faid.

Nuair atá na graif déanta is féidir leis na daltaí na sonraí a phlé.

# Bealach amháin chun an t-eolas a léiriú ná le hIlbharrachairt/ Barrachairt Iolrach




Meastacháin

Tomhais

Fágadh amach an t-aonad tomhais? Cad a bhí ann meas sibh? Cén fáth?

# Gníomhaíocht Bhreise Roghnach

Chun an ghníomhaíocht seo a fhorbairt, déanfaidh na páistí a n-eitleán féin as páipéar chun fad a iniúchadh níos mó.

Roinn an rang ina mbeirteanna, iarr orthu eitleáin pháipéir shimplí a dhéanamh.

Mínigh do na páistí go mbeidh siad ag caitheamh eitleáin pháipéir agus go mbeidh orthu fad an chaithimh a mheas agus a thomhas.

Conas a dhéanfaimid tomhas ar an bhfad a ghluaiseann ár n-eitleáin?

Ar dtús déanann na páistí meastacháin ar fhad an chaithimh.

Déanann siad taifead, (is féidir é seo a dhéanamh i gcóipleabhar nó ar ghléas digiteach).

Ansin caitheann gach páiste a n-eitleáin.

Pléann na páistí na torthaí i gcomparáid leis na meastacháin.

Sa seomra ranga, is féidir leis na páistí na sonraí atá acu a thaispeáint i ngraif.


Nuair atá na graif déanta is féidir leis na páistí na sonraí a phlé.

Cén t-aonad méadrach a bheidh oiriúnach don tasc seo? Cén fáth?
An bhfuil tú in ann an fad a mheas?
Tabhair buille faoi thuairim.

Féach freisin ar an acmhainn seo ó PáMC Oide:

Paper Planes

Eitleáin Pháipéir



Oide

## Eitleáin Pháipéir

| Céim | Snáithe | Snáithaonad |
|---|---|---|
| 4 | Tomhais | Ag tomhas |

| Torthaí Foghlama | Coincheapa Matamaitice |
|---|---|
| • Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tarraingteacha, ba cheart go mbeadh an páiste in ann tomhais a fháil, a léirmhíniú agus a dhéaduchtú go trialach le beachtas ag méadú. | • Tá sé tábhachtach machnamh a dhéanamh ar an gcuspóir agus ar phraiticiúlacht nuair atáthar ag roghnú aonad agus ionstraimí chun tabhairt faoi thomhas. • Forbraítear tuiscint ar thomhas de réir mar a cheanglaímid brí na n-aonad tomhais le tagarmharcanna tomhais sa ghnáthshaol. |

**Matamaitic á Foghlaim**

San eispéireas foghlama seo, cruthaíonn na foghlaimeoirí eitleáin pháipéir agus baineann siad triail as réimse uirlisí tomhais (téip thomhais, rialóir, roth landair) chun fad a n-eitilte a thomhas. Le linn dóibh a bheith ag obair, tomhaiseann siad fad an turais, cuireann siad léirithe sonraí i dtoll a chéile bunaithe ar na tomhais a fuarthas, agus beachtaíonn siad an úsáid cheart as na huirlisí tomhais chun cruinneas a chinntiú.

| Tuiscint agus Ceangal | Cumarsáid | Réasúnaíocht | Cur i bhfeidhm agus Réiteach Fadhbanna |
|---|---|---|---|
| *An foghlaimeoir* | | | |
| Cuireann sé fad turais na n-eitleán páipéir i gcomparáid agus in ord. | Cuireann sé tomhais in iúl agus léiríonn sé iad trí úsáid a bhaint as léirithe atá oiriúnach agus éifeachtach. | Tástálann sé agus déanann sé meastóireacht ar réasúntacht na meastachán agus na dtomhas. | Ríomhann sé na tomhais níos cruinne tar éis a scileanna tomhais a bheachtú ach úsáid a bhaint as réimse uirlisí tomhais. |

# Féinmheasúnú

| | |
|---|---|
| Is féidir liom na huirlisí tomhais a ainmniú agus an ceann is oiriúnaí a roghnú. | |
| Is féidir liom meastachán maith a dhéanamh ar fhad. | |
| Is féidir liom comparáid a dhéanamh idir meastachán agus fad. | |
| Is féidir liom an difríocht idir meastachán agus fad a léiriú. | |
| Ar fhoghlaim tú aon **fhocail nó fhrásaí nua** inniu? Breac síos roinnt samplaí sa bhosca (5 ar a laghad). | |

# Tráth na gCeist Kahoot: An Córas Méadrach agus Fad



**An Córas Méadrach**

Created by: ciaranichuilinn
Language: English

Plays: 2
Players: 2
Shares: 0
Favorites: 0

Play




**Fad (Quiz Samplach)**

Created by: ciaranichuilinn
Language: English

Plays: 2
Players: 2
Shares: 0
Favorites: 0

Play


# Gníomhaíocht Ghaeilge: FEASACHT TEANGA




Faoin Toradh Foghlama *Fónaic, aithint focal agus staidéar ar fhocail* sa snáithe *Léitheoireacht* de *Curaclam Teanga na Bunscoile* moltar go gcuirfear ar chumas na bpáistí: **Leas a bhaint as teanga(cha) atá ar a thoil acu chun bhrí a bhaint as téacs i dteanga(cha) eile.** Seo a leanas, sampla de ghníomhaíochtaí iarchumarsáide gur féidir a dhéanamh sa Ghaeilge chun chur leis an scil seo.

## Treoir Shamplach don Mhúinteoir

1. Scríobh na focail seo a leanas ar an gclár bán: centimeter, ceintiméadar, centimetre, centímetro
2. Cuir ceist ar na páistí an dtugann siad aon rud faoi deara? An aithníonn siad na teangacha?
3. Labhair leo faoin bhfocal 'cent'. An bhfuil an focal 'cent' feicthe agat aon áit eile? *Úsáideann muid cent sa siopa, tá 100 cent in euro. Tá 100cm i méadar. Tá 1/4 de mhéadar cothrom le 25cm. An bhfuil an réimír 'cent' in aon bhfocal eile atá ar eolas agat? Déan buille faoi thuairim-cad é 'ceintilítear' mar sin? Cé mhéad ceintilítear a bheadh i lítear, meas tú?*
4. Iarr ar na páistí féachaint ar an suíomh gréasáin: https://indifferentlanguages.in agus na focail millimeter/meter/kilometer a aimsiú i 3 theanga eile. An féidir leo patrún a thabhairt faoi deara?
5. D'fhéadfadh an rang na teangacha ar fad a d'fhiosraigh siad a chur mar thaispeántas sa seomra ranga.






# AONAID FAID

